

# 1. Na logainmneacha a chur i láthair

## Cad is logainm ann?

Tá *ainm* ar gach áit sa tír. Tugaimid *logainmneacha* ar ainmneacha áiteanna. Tá an focal 'logainm' comhdhéanta de 'log' (a chiallaíonn 'áit') agus de 'ainm'. Mar sin chiallaíonn logainm 'ainm áite'.

## Logainmníocht ar fud an domhain

Baineann tábhacht le hainmneacha a chur ar dhaoine agus ar áiteanna ar fud an domhain. Tá ainm pearsanta agus sloinne orainne agus tá ainmneacha ar áiteanna an domhain freisin.

Tá téarma ann a chiallaíonn 'ainmniú áiteanna', sin *logainmníocht*. Tá tábhacht le logainmníocht ar fud an domhain. Bronnann daoine ainmneacha ar áiteanna a bhfuil tábhacht leo.

## Logainmníocht in Éirinn...An dinnseanchas

- Tá suim ag muintir na hÉireann i logainmneacha leis na cianta
- Tá foirm litríochta ar leith sa Ghaeilge a bhaineann le logainmneacha, is é sin 'an dinnseanchas'. Tá an focal 'dinnseanchas' comhdhéanta de 'dinn' ('áit atá suntasach/tábhachtach') agus de 'seanchas' (atá bunaithe ar an aidiacht 'sean' agus a chiallaíonn 'stair'). Mar sin, is éard is brí le 'dinnseanchas' ná na scéalta agus an stair a bhaineann le háiteanna suntasacha tábhachtacha
- Bhí an foirm litríochta sin an-tábhachtach i sochaí agus i litríocht na hÉireann fadó. Bhí an dinnseanchas lárnach san oideachas go háirithe ag na baird (na daoine a bhí ag traenáil le bheith ina bhfilí) agus ag na huaisle. Tá bailiúchán mór d'ábhar dinnseanchais ar fáil i bpróslitríocht agus filíocht na hÉireann. Téann traidisiún an dinnseanchais siar go dtí an chéad mhílaois
- Bhí míniú sna scéalta dinnseanchais ar bhrí agus ar bhunús na logainmneacha is suntasáí in Éirinn ag an am. Uaireanta bhí roinnt scéalta éagsúla ann faoin ainm céanna, agus leagan éagsúil i ngach scéal ag insint conas a fuair an áit a hainm
- Baineann an dinnseanchas, sean agus nua, le stair, le tíreolaíocht, le teanga, le seanchas agus le filíocht agus mar sin tugann an dinnseanchas tuiscint ar leith dúinn ar ár bhféiniúlacht
- Is sampla de leabhar dinnseanchais é **Agallamh na Seanórach**. Tá roinnt mhaith scéalta ann a mhíniú logainmneacha na tíre seo
- I meon na hÉireann, baineann an-tábhacht le bheith fréamhaithe in áit ar leith nó bainteach le háit ar leith. Tá spéis fós ag muintir na hÉireann sna logainmneacha

## Tábhacht agus feidhm logainmneacha

- Is cuid thábhachtach iad na logainmneacha den chumarsáid laethúil. Úsáidimid gach lá iad agus muid ag labhairt le daoine, cloisimid ar an teilifís iad agus feicimid ar chomharthaí bóithre iad. Tá sé deacair comhrá a bheith agat le duine gan logainm a lua! Ceann de na chéad cheisteanna a chuirimid ar dhaoine nuair a bhuailimid leo den chéad uair is ea **'Cad as duit?'**
- Déanann logainmneacha tagairt d'áit ar leith ach ní hé sin an t-aon fheidhm atá acu. Is ábhar fíorspéisiúil iad na logainmneacha mar is féidir linn foghlaim faoi na nithe seo a leanas trí staidéar a dhéanamh orthu:
  - An Ghaeilge (féach Aonad 8 ach go háirithe)
  - Stair na hÉireann. Tugann na logainmneacha eolas dúinn ar an am atá thart (féach aonaid 4, 5 agus 6 ach go háirithe)
  - Tíreolaíocht na hÉireann (féach aonaid a 2 agus a 3 ach go háirithe)
  - Cultúr, féiniúlacht agus oidhreacht na hÉireann

# 1. Na logainmneacha a chur i láthair

## Míreanna Gaeilge i logainmneacha

Tagann formhór na logainmneacha atá againn in Éirinn an lae inniu ó sheanainmneacha Gaeilge. Ach de bharr cúrsaí staire tháinig an chuid is mó de na logainmneacha anuas chugainn de réir litriú an Bhéarla. Féach Aonad 6 le haghaidh tuilleadh eolais faoi Bhéarlú na logainmneacha. Is féidir brí logainm a fhiosrú trí fhéachaint ar na logainmneacha Gaeilge. Uaireanta ní bhíonn ach focal amháin sa logainm, mar shampla **Ceatharlach**. Uaireanta eile bíonn dhá fhocal sa logainm, mar shampla **Cill Chainnigh**. Arís eile bíonn trí cinn nó níos mó d'fhocail i gcuid díobh, mar shampla **Baile Átha Cliath**, **Coill Bhaile Locha Capaill**. Tugtar 'mír' ar gach focal atá i logainm, agus bíonn brí ar leith le gach mír. Bíonn níos mó ná brí amháin le cuid de na míreanna, mar shampla ciallaíonn an mhír **cloch** 'stone' nó 'stone building', mar shampla dún nó caisleán déanta as clocha. Is féidir brí logainm a fhiosrú trí fhéachaint ar an mír nó ar na míreanna san fhoirm Ghaeilge den logainm. Bíonn brí cuid mhaith de na logainmneacha faoi cheilt san fhoirm Bhéarla. Shílfeá, mar shampla, go bhfuil an bhrí chéanna ag *Glendalough* i bPort Láirge agus *Glendalough* i gCill Mhantáin. Má fhéachann tú ar na logainmneacha Gaeilge, áfach, feicfidh tú nach ionann iad ó thaobh brí de. **Gleann Dá Lachan** an Ghaeilge atá ar *Glendalough* i bPort Láirge agus ciallaíonn sin 'glen of the two ducks'. **Gleann Dá Loch** an Ghaeilge atá ar *Glendalough* i gCill Mhantáin agus ciallaíonn sin 'glen of the two lakes'. Go minic is iad na míreanna céanna a fheicimid sna logainmneacha arís is arís eile. Is féidir iad a roinnt ina dtéamaí ar nós na cinn seo a leanas:

- Míreanna a bhaineann le stair na háite, le **tionchar dreamanna éagsúla** a bhí ina gconaí san áit – mar shampla na Ceiltigh, na Lochlannaigh, na Normannaigh. Nó míreanna a bhaineann le **réanna éagsúla** – ré na Críostaíochta mar shampla. Féach aonaid 4, 5 agus 6
- Míreanna a bhaineann le tíreolaíocht na háite, mar shampla le **tréithe tíreolaíochta** agus **gnéithe fisiciúla**, féach aonaid 2 agus 3
- Míreanna a bhaineann leis an **dúlra**, ainmhithe agus éin, féach Aonad 7

Tá cuid de na míreanna agus samplaí de logainmneacha a bhfuil na míreanna sin iontu **liostaithe** sna haonaid ar leith a bhaineann leis **na téamaí thuasluaite**.

## An Brainse Logainmneacha

Is é céad **chúram** an Bhrainse Logainmneacha sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, taighde a dhéanamh chun na foirmeacha cearta Gaeilge de logainmneacha na hÉireann a aimsiú agus a fhoilsiú le húsáid go hoifigiúil. Foilsítear toradh taighde an Bhrainse i bhfoirm liostaí de réir mar a bhíonn liostaí oiriúnacha réidh. Tá liostaí logainmneacha i gcomhair na gcontaetha seo a leanas foilsithe go dtí seo: Co. Luimnigh, Co. Phort Láirge, Co. Lú, Co. Chill Chainnigh, Co. Uíbh Fhailí, Co. Mhuineacháin agus Co. Thiobraid Árann. Tá trí leabhar taighde foilsithe ag an mBrainse chomh maith, leabhar faoi Co. Luimnigh agus dhá leabhar faoi Co. Thiobraid Árann (Logainmneacha na hÉireann I - III). Is de réir **contae** a dhéantar an taighde de ghnáth. Tá taighde curtha i gcrích ar na logainmneacha i gCo. Bhaile Átha Cliath, i gCo. Chorcaí, agus i gCo. na Gaillimhe. Tá obair taighde ar siúl faoi láthair ag foireann an Bhrainse ar logainmneacha na gcontaetha seo: Co. an Chabháin, Co. an Longfoirt, Co. Chiarraí, Co. Liatroma, Co. Loch Garman agus Co. Shligigh. Tá **foirm ghinidigh** logainmneacha á socrú freisin.

Cé go bhfuil taighde an Bhrainse **dírthe ar ainmneacha riaracháin** go príomha – ar ainmneacha contaetha, **barúntachtaí**, **paróistí dlí**, **bailte fearainn** agus **toghrann** – tá foirmeacha Gaeilge socraithe do chineálacha eile ainmneacha chomh maith, ar nós bailte agus ionaid eile daonra, **sráidainmneacha**, aibhneacha agus **gnéithe fisiciúla** éagsúla. Rinneadh taighde ar ainmneacha na gceantracha éagsúla Gaeltachta, idir logainmneacha **riaracháin** agus saghasanna eile ainmneacha a bhfuil a bhfoirmeacha Béarla ar **léarscáileanna** Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann. Chomh maith, **freastalaíonn** an Brainse ar a lán cineálacha comhfhreagrais a bhaineann le logainmneacha. Is é Ceann an Bhrainse Rúnaí an Choimisiúin Logainmneacha.



# 1. Na logainmneacha a chur i láthair

**www.logainm.ie**

Is suíomh Gréasáin é seo chun an t-ainm oifigiúil Gaeilge atá ar c.100,000 logainm ar fud na tíre agus eolas eile faoi na logainmneacha a chur ar fáil don phobal. Seoladh go poiblí ar 1 Deireadh Fómhair 2008 é. Tá an suíomh á fhorbairt ag Fiontar, DCU i bpáirt leis an mBrainse Logainmneacha sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.

Féach ar an ngearrthóg físe a bhí ar an teilifís faoi [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie) an lá ar seoladh é:

<http://www.logainm.ie/Info.aspx?menuItem=about&contentTitle=proj.seoladh>

Tá an ghearrthóg físe ag bun an leathanaigh.



# 1. Na logainmneacha a chur i láthair CEACHTANNA

Cén seoladh baile atá agat? Cuardaigh ar [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie) é agus scríobh ar an gcárta poist é:

	<div style="border: 1px solid black; width: 80px; height: 80px; margin: 0 auto 20px auto;"></div> <hr/> <hr/> <hr/>
--	---

## Freagair na ceisteanna/Líon na bearnaí

1. Cad a chiallaíonn ‘logainm’?  
.....
2. Cén téarma a chuireann síos ar ‘ainmniú áiteanna’?  
.....
3. Cad is ainm don fhoirm ar leith de litríocht na Gaeilge a bhain le **brí** na logainmneacha?  
.....
4. Luaigh **ceann de na chéad cheisteanna** a chuirimid ar dhaoine nuair a bhuailimid leo den chéad uair.  
.....
5. Scríobh trí logainm a bhfuil **mír** amháin iontu, mar shampla Doire. Mura ritheann samplaí leat is féidir brabhsáil ar [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie) chun teacht ar shamplaí.  
a. .... b. .... c. ....
6. Scríobh trí logainm a bhfuil dhá mhír iontu, mar shampla **Fear Manach**:  
a. .... b. .... c. ....



# 1. Na logainmneacha a chur i láthair CEACHTANNA

7. Scríobh trí logainm a bhfuil trí mhír iontu, mar shampla **Baile Átha Cliath**:

a. .... b. .... c. ....

8. Cad é an **leagan** Gaeilge atá ar *Glendalough* i bPort Láirge? .....

Cad is **brí** leis? .....

9. Cad é an leagan Gaeilge atá ar *Glendalough* i gCill Mhantáin? .....

Cad is brí leis? .....

## An Coimisiún Logainmneacha agus an Brainse Logainmneacha

1. Cathain a bunaíodh an Coimisiún Logainmneacha? Bunaíodh an Coimisiún Logainmneacha sa bhliain 1946.

.....

2. Cén fáth ar bunaíodh é? Bunaíodh é chun ceartfhoirmeacha Gaeilge na logainmneacha a chur ar fáil.

.....

3. Cathain a bunaíodh an Brainse Logainmneacha? Bunaíodh an Brainse Logainmneacha in 1956.

.....

4. Cén fáth ar bunaíodh é? Bunaíodh é chun an taighde riachtanach a dhéanamh.

.....

## Gearrthóg físe faoi [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie)

Céard iad na trí logainm a luaitear agus cad is brí leo?

Ainm Gaeilge	Ainm Béarla	Brí

Seinneadh comhad fuaimne, cén logainm a bhí i gceist?

.....

## Ábhar plé

Baineann an-tábhacht le bheith **fréamhaithe** in áit nó **bainteach le** háit ar leith i **meon** na hÉireann. Cén fáth, meas tú?